



**BAIN TAITNEAMH
AS AN SAMHRADH!**

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Smaointí Smokie - II	2
Scéal grinn	3
Mícheál Seosamh Ó Rathaille	4
Dealbh in Easnamh?	5
Frongoch	6
Breatnaiséoir eile!	7
Frangoch inniu	7
Saoire ar an gCósta Fiáin - II	8
Tomás agus Éire	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Craobhchomórtas na hEorpa 2016	11
Ag iomramh ar an Life	12
Rann Ghaeilge	12



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 3 EAGRÁN 3 BEALTAINE-MEITHEAMH 2016

ÁR gCAIRDE SA TUAISCEART

Ar an Déardaoin, 26 Bealtaine thug grúpa Gaeilgeoirí Bhaile Átha Cliath, faoi stiúir Sheáin Uí Choileáin, cuairt thar an teorainn chun bualadh le Gaeilgeoirí an Dúin, an Iúir agus Mhúrn. Bhí togha na Gaeilge le cloisteáil ar an mbus go Iúr Cinn Trá. Chasamar ar ghrúpa (ainmneacha?) de Ghaeil an Tuaiscirt ansin agus ar aghaidh linn le chéile i mionbhus go dtí Iarsmalann an Chontae atá suite i seanphríosún ón 18ú haois i nDún Phádraig.



D'inis treoraí dúinn faoi stair an phríosúin agus faoi na daoine a chaith tréimhse ann, Tomás Russell ina measc. Bhí seans againn na taispeántais a fheiceáil, ceann faoin gCéad Chogadh Domhanda agus ceann faoi Ardchroiseanna. Tar éis béile bhreá thug Linda Ervine, bean atá dílseacht dá Briotanachas, agus dá creideamh mar a d'inis sí dúinn, léacht faoin obair atá ar siúl aici chun an Ghaeilge a chur ar aghaidh ina bpobal féin. Trí chlár teanga, *Turas*, tá níos mó ná céad duine ag foghlaim na Gaeilge in oirthear Bhéal Feirste. Bíonn teagmháil léi freisin chun gearrchúrsa Gaeilge a chur ar fáil do dhaltaí sna scoileanna áitiúla. Is mór an dúshlán atá glactha faoi chúram ag Linda. Guímid gach rath ar an obair thábhachtach sin. Turas leis an dTeanga a bhí againn don lá.

CEACHT BEAG GAEILGE: AN FLEISCÍN - THE HYPHEN



Cuirtear fleiscín idir “**n**” agus guta ach amháin nuair is ceannlitir an guta:
bhur n-iníon (**your daughter**),
bua na nÉireannach (**the victory of the Irish**).

Cuirtear “**t**” roimh ainmfhocal firinsneach dar tús guta i ndiaidh an ailt sa tuiséal ainmneach/cuspóireach uatha **ach amháin** nuair is ceannlitir an guta:
an t-eagarthóir (**the editor**), an t-idirlíon (**the internet**)

(an tUachtarán Obama (**President Obama**), an tOllamh Ó Néill (**Professor O’Neill**))

Ní chuirtear fleiscín riamh idir “**h**” agus guta ná idir “**t**” agus “**s**”:

na hirísí (**the magazines**), na hordóga (**the fingers**),
an tseanbhean (**the old woman**), an tsraith (**the series**).

SMAOINTÍ SMOKIE - II

Brid Brien

Thar an chéad chúpla lá ina dhiaidh sin, bhí mé in ann gach aon rud a bhí agam a fheiceáil curtha i gceann a chéile thuas (**stacked up**) in éadan bhallaí an tseomra bia. Ina measc bhí mo thráidire easrach (**litter-tray**) nach raibh mór go leor fá mo choinne (**for me**) níos mó, mo chuid mataí, mo chuaille-scrábála (**scratching-board**) agus mo bhabhlaí fá choinne ithe. De réir (**as**) mar a shiúil mé thart ag amharc orthu go cúramach, tháinig sé isteach i mo cheann gurbh fhéidir go raibh mo thuismitheoirí ag tabhairt glanadh an earraigh (**spring clean**) don teach. Ní dhéanfadh cúpla rud nua aon dochar dom anois (**I could do with**). Tar éis an tsoil (**after all**), ní raibh mé i mo phiscín níos mó ach i mo chat lánfhásta.

Ansin tháinig mé in aice leis an chás uafásach. Am ar bith a bhí sé le feiceáil, tháinig rud amháin isteach i mo cheann; bhí mé ag dul go dtí teach na gcat (**cattery**). Bhí fuath agam ar an aistear sa ghluaisteán mar bhínn ag mothú tinn i gcónaí, ach chomh luath agus a shroichfinn an áit, dhéanfadh na húinéirí go deas compordach mé. Bhí a fhios acu na cleasa uilig agus ní raibh sé i bhfad riamh go dtí go raibh mé ar mo chóir féin (**my old self**) arís. Ach chomh luath agus a d’éireodh sé dorcha, d’athródh gach aon rud. Bheinn cosúil le príosúnach i gceillín gan in ann dul amach agus thart. Ní thiocfadh liom creach a sheilg (**hunt**) ná cleasa a imirt (**mischievousness**) mar is gnách mar a dhéanaim sa bhaile. Is é an t-aon sólas a bhí orm ná: nár mhair na haistir seo rófhada am ar bith.

Nuair a tháinig an Aoine, bhí cuid mhór tormáin (**noise**) sa teach. Thosaigh mo thuismitheoirí ag argóint fán áit ab fhearr sa charr ba chóir dom a bheith. “*Silim nach bhfuil sé ceart Smokie a chur sa bhúit. Thiocfadh eagla uirthi,*” arsa m’athair. “*Eagla!*” arsa mo mháthair. “*Cad é fá dtaobh domsa? An ndearna tú dearmad ar an rud a tharla dom an t-am deireanach a thóg mé ó theach na gcat í?*” ar sise, réidh le scamhláil air (**tear strips off him**) de thairbhe go raibh sé ar mo thaobhsa. Ar an seanealaín (**pranks**) arís a bhí mé an lá sin. Tháinig mé go tobann os a comhair ar an phainéal deais (**dashboard**) agus ba é an deireadh a bhí ar an scéal ná gur bhain mé an t-anam aisti (**fright of her life**) agus dóbair nár mharaigh mé an bheirt againn. Ní raibh sí ag dul a ligean don rud sin tarlú arís. Mar sin cuireadh isteach sa chás mé ar an suíochán cúil den charr. Ag amharc trí phoill dhoras an cháis, chonaic mé gach aon chineál d’fheithiclí (**vehicles**) ag gluaiseacht go gasta ar luas mór. Cé go ndeachaigh siad i bhfeidhm go mór orm, (**impressed**) ní raibh sé i bhfad go dtí go raibh mé ag mothú na gnáthphéine i mo bholg, nuair a thosaigh mé ag éirí tinn.

“*Dá dtiocfadh liom fáil amach as an áit seo!*” arsa mise go héagaointeach (**moaned**) ag cuimilt mo thaoibh in éadan an dorais, ag súil go dtitfeadh sé.



SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Raymond Taylor

Bhí mé ag cócaráil píosa spaigití do mo lón inné agus shocraigh mé anlann a dhéanamh le rogha comhábhair ilghnéitheacha as mo chuisneoir agus mo chófra. “*Cad a úsáidfidh mé?*” d’fhiafraigh mé díom féin. Rinne mé cinneadh agus mheasc mé roinnt ola olóige, trátaí, gairleoge, beacán agus chorizo. Bhí cuma chomhbhruith taibhseach air agus nuair a bhí sé cócaráilte chuir mé an spaigití leis agus shuigh mé isteach chun béile an-deas a ithe, agus a anlann fíona deirge.

Tar éis tamaill bhí mé ag aireachtáil meath-tinn. Chuaigh mé isteach sa seomra folctha agus d’fhéach mé sa scáthán. Tháinig scaoll orm nuair a chonaic mé an t-athrú seismeach ionam [féach an íomhá thíos]. Lig mé scairt scéin asam, “*Cad a tharla dom? An é an duine seo mise féin, dáiríre?*” Chuir mé mála ar mo cheann chun nach mbeadh daoine in ann m’aghaidh a fheiceáil agus rith mé chuig mo dhochtúir faoi dheifir. Nuair a thóg mé an mála ó mo cheann chreathnaigh sé ó bhun go barr. Cheap sé go raibh Marsach tar éis teacht chuige. Ar ball beag d’aithin sé mé ach bhí sé ag crith fós. Shlog sé suaimhneasán chun a néaróga a cheansú. D’inis mé dó gur tháinig na comharthaí uafásacha orm i ndiaidh béile spaigití a ithe. Theip air fáthmheas a dhéanamh ar dtús. Ní bhfuair sé aon leid ina leabhair leighis tagartha. Thosaigh sé ag scimeáil ar an Idirlíon agus tháinig sé ar phictiúr d’Iodálach as réigiún sléibhtiúil a raibh ceannaithe anchumtha cosúil liomsa aige. “*Is amadán déanta tú!*” ar seisean, diomúch díom, “*Nár chuir tú beacáin chnaipe san anlann in áit bheacáin leathana?*” “*Chuir mé, cinnte*”, arsa mise.

Mhol sé dom gan bheacáin a ithe ar feadh seachtaine agus gan teacht ar ais go dtí go mbeadh cúrsa cócaireachta déanta agam. Dúirt mé leis: “*dá mbeadh do thuarastal mór agamsa ní bheadh orm bheith ag cócaráil in aon chorr; d’íosfainn i mbialann gach lá*”. Bhí drochaoibh agus déistin orm ag imeacht agus d’fhág mé mo mhála im dhiaidh. Bhí roinnt taismí bóthair ar an mbealach agus thit roinnt seanmhná i laige ar an bpábháil ach ba chuma liom. Ceithre nó cúig lá ina dhiaidh sin bhí mé ar mo chóir féin arís. Is maith an rud nár úsáid mé beacáin chapail i mo bhéile!



Foclóirín

ag cócaráil - **cooking**; spaigití - **spaghetti**; anlann - **sauce**; comhábhair - **ingredients**;
 ilghnéitheacha - **miscellaneous**; cuisneoir - **fridge**; cófra - **cupboard**; cinneadh - **decision**;
 mheasc mé - **I mixed**; ola olóige - **olive oil**; trátaí - **tomatoes**;
 gairleog - **garlic**; beacáin - **mushrooms**; comhbhruith taibhseach - **splendid concoction**;
 agus a anlann fíona deirge - **and red wine to suit**; ag aireachtáil meath-tinn - **feeling below par**;
 seomra folctha - **bathroom**; scáthán - **mirror**; scaoll - **panic**; athrú - **change**;
 seismeach - **seismic**; lig mé scairt scéin asam - **I shouted with fright**; dáiríre - **really**;
 in ann - **able**; faoi dheifir - **hurriedly**; chreathnaigh sé ó bhun go barr - **he trembled all over**;
 Marsach - **Martian**; ar ball beag - **after a little while**; d’aithin sé - **he recognised**;
 ag crith - **shaking**; shlog sé - **he swallowed**; suaimhneasán - **tranquilliser**;
 néaróga - **nerves**; a cheansú - **to control**; d’inis mé dó - **I told him**;
 comharthaí uafásacha - **horrible symptoms**; theip air - **he failed**; fáthmheas - **diagnosis**;
 ar dtús - **at first**; leid - **clue**; leabhair leighis tagartha - **medical reference books**;
 scimeáil - **surfing**; Idirlíon - **Internet**; Iodálach - **Italian**; sléibhtiúil - **mountainy**;
 ceannaithe anchumtha - **distorted features**; cosúil liomsa - **like me**;
 amadán déanta - **complete fool**; diomúch díom - **displeased with me**; cnaipe - **button**;
 in áit - **in place of**; leathan - **flat**; tuarastal - **salary**; d’íosfainn - **I would eat**;
 bialann - **restaurant**; déistin agus drochaoibh - **disgust and ill humour**; taismí - **accidents**;
 thit i laige - **fainted**; pábháil - **pavement**; ar mo chóir féin - **my old self**; capall - **horse**;

MÍCHEÁL SEOSAMH Ó RATHAILLE

Cillian Ó Néill



Is baile ciúin anois é Béal Átha Longfoirt atá in aice le bruach na Sionnainne i dtuaisceart Chiarraí. Níl an baile ar aon bhóthar mór, mar sin ní bhíonn go leor cuairteoirí ag dul tríd. Ach sa bhliain thábhachtach seo, 2016, b'fhéidir go dtiocfaidh athrú ar an scéal sin, mar rugadh fear darbh ainm Mícheál Seosamh Ó Rathaille, nó An Rathailleach ([The O'Rahilly](#)) ann i 1875. Bhí a athair an-saibhir as an ngnó a bhí aige, mar fheirmeoir le feirm mhór, mar úinéir ar theach tábhairne agus toisc go raibh an baile in aice na habhann, bhí sé ábalta earraí a fháil ó thíortha iasachta agus earraí a dhíol dóibh. Deirtear, nuair a fuair sé bás, go raibh saibhreas 20 milliún euro aige in airgid an lae inniu. Ní raibh mórán suime ag a mhac sa ghnó agus tar éis a oideachais i gColáiste Choill Chluana Gabhann ([Clongowes Wood College](#)), bhí saol maith aige ar feadh deich mbliana nó mar sin ag taisteal tríd An Eoraip agus Na Stáit Aontaithe. Bhí capaill ráis aige agus gluaisteán nua aimsire. Ag an am sin, ní raibh gluaisteán ag mórán daoine seachas na daoine saibhre.

Thar na blianta, tháinig athrú ar Ó Rathaille. Thosaigh sé ag dul go Corca Dhuibhne chun blas a chur ar a chuid Gaeilge agus chun a bheith tumtha sa chultúr Gaelach. Bhí sé mar bhall de Choiste Gnó Chonradh na Gaeilge. Sa bhliain 1913, bhunaigh sé féin, Eoin Mac Néill agus daoine eile, Óglaigh na hÉireann ag cruinniú in óstán Wynn, BÁC. Tá plaic san óstán chun an cruinniú tábhachtach sin a chomóradh. Bhí Ó Rathaille mar Stiúrthóir Gunnaí ([Director of Arms](#)) agus mar sin bhí sé i gceannas thabhairt i dtír na gunnaí i mBinn Éadair i 1914 ón bhád *Asgard*. I 1916, nuair a theip ar an Aud agus Roger Casement na gunnaí ón Ghearmáin a chur isteach i gCiarraí, bhí Mac Néill agus Ó Rathaille i gcoinne an Éirí Amach, mar cheapadar nach mbeadh seans acu i gcoinne arm na Breataine. Chuaigh An Rathailleach timpeall na tíre ag rá leis na hÓglaigh '*fanacht sa bhaile*'. Nuair a tháinig sé ar ais go BÁC, fuair sé amach go raibh an tÉirí Amach ag dul ar aghaidh. Chuaigh sé chuig Ard-Oifig an Phoist (AOP) agus dúirt le Pádraig Mac Piarais: "*Well, I've helped to wind up the clock, I might as well hear it strike*". Ar an Aoine, 27 Aibreán 1916, bhí AOP faoi thine agus ghlac sé an dualgas air féin bheith i gceannas ar ghrúpa Óglach chun iarracht a dhéanamh éalú go Sráid Parnell. Bhí meaisínghunna ag na Briotanaigh a bhí ag feitheamh leo agus scriosadh iad le piléir. Gortaíodh Ó Rathaille go dona. Ní raibh sé in ann bogadh ach bhí sé fós beo. Tar éis lae nó mar sin, tháinig otharcharr agus bhí an tiománaí agus beirt eile chun é a chur ar shínteán, ach tháinig oifigeach ó Arm na Breataine agus dhiúltaigh sé ligean don tiománaí cabhair a thabhairt do Ó Rathaille. Fuair sé bás ina aonar san áit sin i bParáid Uí Rathaille mar a thugtar air inniu.

Sula bhfuair sé bás, scríobh sé nóta dá bhean chéile lena fhuil. Téigh chuig Paráid Uí Rathaille in aice le Sráid an Mhúraigh agus léigh cad a dúirt sé sa litir sin ar an bplaic atá ar an mballa. Nó téigh go Béal Átha Longfoirt chun an teach inar rugadh é a fheiceáil, sin teach tábhairne '*Finucane*' áit a bhfuil go leor déantán ([artefacts](#)) stairiúil ann ó aimsir an Éirí Amach. An Rathailleach, fear a raibh go leor airgid aige agus ag caitheamh saoil leis na daoine rachmasacha ach nuair a bhain sé amach an saibhreas a bhí sa teanga agus sa chultúr a bhí ina tír féin, d'athraigh sé gach rud agus sa deireadh, thug sé a shaol don tír. Sé an fáth nach bhfuil a ainm san áit chéanna is atá An Seachtar Laoch ná go raibh sé i gcoinne an Éirí Amach ar dtús ach ba é an t-aon cheannaire a chaill a bheatha agus é ag troid san Éirí Amach. Cuireadh An Seachtar Laoch chun báis trí scud lámhaigh ([firing squad](#)).



An Rathailleach agus a chlann



DEALBH IN EASNAMH?

Roibeárd Mac Cathmhaoil

Bhí mé, uair amháin, ag spaisteoireacht i bhFaiche Stiabhna agus thug mé faoi deara an méid dealbh atá ann. Tríd an bpríomhgheata (agus An Stua) ar chlé tá an chéad cheann: is é sin plaic in ómós Uí Dhonnabháin Rosa (1). Má chasann tú ar dheis ansin tagann tú ar dhealbh (ar do chlé) de Roibeárd Emmet (2) agus, beagán níos faide anall (ar do dheis), dealbh den Tiarna Ardilaun (3). Thug an Tiarna an fhaiche don phobal agus an t-airgead chun í a chur ar bun. Tá sé ag féachaint amach ar Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, foirgneamh as ar íoc sé freisin. Lean an cosán ar chlé agus tá dealbh de WB Yeats (4) ann agus dealbh bhrád (**bust**) de James Clarence Mangan (5) tamall ar chlé ina dhiaidh sin. Iompaigh ar ais i dtreo an chúinne (**corner**) agus chas ar chlé arís ar an gcosán seachtrach (**outer path**) agus beidh dealbh bhrád James Joyce (6) ina seasamh ar chloch mhór. Scríofa ar an leac tá “*Crossing Stephen, that’s my green.*” Siúl bheag eile agus ar dheis tá dealbh bhrád in ómós Rabindranath Tagore 1851 -1941(7), scríbhneoir Beangálach agus cara de Yeats. Ar aghaidh agus ar do dheis i dtreo cúinne eile den fhaiche tá scairdeán uisce (**fountain**) ina bhfuil dealbh, *Triúr Bandéithe na Cinniúna* (8), bronntanas ón Ghearmáin d’Éirinn as an 500 páiste Gearmánach a fuair dídean (**refuge**) anseo tar éis an Dara Chogadh Domhanda. Iompaigh thart arís agus siúl i dtreo lár na faiche. Feicfidh tú an leacht dos Na Fianna Éireann (9) ar do dheis. Lean ar aghaidh agus beidh an dealbh bhrád in ómós Chuntaois Markievicz (10) os do chomhair ar do chlé. Iompaigh ar dheis i dtreo cúinne eile na faiche agus beidh dealbh bhrád de Thomas Kettle (11) ar do chlé. Lean i dtreo an chúinne agus tar éis cúpla nóiméad bainfidh tú Cuimhneachán an Ghorta (12) amach, fíoracha (**figures**) uafásacha a léiríonn daorsmacht (**subjugation**) brónach mhuintir na hÉireann. Téigh tríd an geata ar chúl na deilbhe sin agus tá ceann in ómós Wolf Tone (13), é ag féachaint amach ar na sráideanna agus ar thrácht na cathrach.

Tá na dealbha de na scríbhneoirí agus de na tírghráthóirí go léir an-suimiúil. Tá cáil idirnáisiúnta ar na scríbhneoirí go háirithe agus, dá bharr sin, tagann a lán cuairteoirí go Baile Átha Cliath. Nuair atá Éireannach ag taisteal thar lear is cinnte go gcasfaidh sé/sí le daoine a bhfuil suim acu i Joyce nó i Yeats agus is maith leo a bheith ag plé saothair na ndaoine sin.

Ach, is é mo thuairim féin, ná, go bhfuil fear amháin atá in easnamh ón liosta thuas, fear ba cheart dealbh de a bheith ann. Cé hé an fear sin? Cé a cheapann tusa ba cheart a bheith á chomóradh sa bhFaiche?




FRONGOCH

Seán Ó Fearghail



Díreach tar éis Éirí Amach 1916 gabhadh timpeall ar 3,000 fear agus 80 bean faoi chumhachtaí éigeandála - ina measc daoine a ghlac páirt san Éirí Amach féin, agus roinnt eile nár ghlac páirt. Tógadh na fir go Dún Richmond in Inse Chór, áit ar rinne na póilíní agus na húdaráis mhíleata scrúdú orthu agus a ligeadh cuid acu saor. Ón 30 Aibreán ar aghaidh, an lá tar éis an ghéillte, díbríodh iad i ngrúpaí beaga gach lá go príosúin i Sasana agus in Albain. Fad is a bhí sé seo ar siúl dhaor cúirt airm bás le scudam lámhaigh ar 15 de na ceannairí. Tar éis tréimhse i gcarcracha (**jails**) Stafford agus Knutsford fógraíodh imtheorannú (**internment**) orthu faoi théarmaí Acht um Chosaint na Ríochta (*Defence of the Realm Act*) agus ag tús Mhí an Mheithimh aistríodh go Campa Géibhinn Frongoch (*Spideog Bhroinndearg*, b'fhéidir) iad. Drioglan de chuid an **Welsh Whisky Distillery** a bhí ann ach tar éis 1914 úsáideadh é mar champa do phríosúnaigh cogaidh Ghearmánacha.

Ar dtús, bhí 1,865 imtheorannaí ann. Faoi dheireadh mhí Lúnasa ligeadh cuid acu saor, agus ní raibh ach 600 fágtha. Na príosúnaigh ba dhiongbháilte a bhí sa ghrúpa sin, baill de Óglaigh na hÉireann, Arm Cathartha na hÉireann, Raidhfílí Éireannacha agus de Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann. Bhí dornán príosúnaithe ann a rugadh sa Bhreatain. Tugadh “*na Teifigh*” orthu agus bhí baol ann i gcónaí go gcoinscríofaí (**conscript**) iad chun troda in Arm na Breataine. I rith an ama bhíodh údaráis an champa ag iarraidh na príosúnaigh sin a aimsiú agus b'údar teannais é sin do na príosúnaigh eile, a raibh sé de rún daingean acu iad a chosaint. Aon uair a atreoraíodh cás aon duine den lárghrúpa díocasach (**keen**) sin chuig an mbord athbhreithnithe níor scaoileadh saor iad.



Bhí stádas mar Phríosúnaigh Cogaidh (**POW**) acu agus stiúirigh siad a ngnóthaí trí chomhairle champa. Rinne an chomhairle sin aighneachtaí faoi gach ar bhain le saol sa champa go coitianta m.sh. faoi chaighdeán an bhia, nach raibh rómhaidh. Bhí an chomhairle i mbun léachtaí, imeachtaí spóirt agus ceoil, ceolchoirmeacha freisin. Ach ní ba thábhachtaí fós, bhí imtheorannaí ó gach contae na tíre ann, agus deis acu ceisteanna móra polaitíochta a phlé agus eagrais a athshocrú ónar eascair Óglaigh na hÉireann (IRA). Mar sin tugtar “*Ollscoil na Réabhlóide*” ar Frongoch. Lena chois sin bhí cead ag na príosúnaigh litreacha agus beartáin bia a fháil, agus thug ionadaithe poiblí tuisceanacha cuairt orthu.

De bharr brúnna polaitiúla, go háirithe sna Stáit Aontaithe, scaoileadh na príosúnaigh go léir saor an 23 Nollag 1916 nuair a cuireadh David Lloyd George in áit Asquith mar Phríomh Aire.

Cé go raibh páirt mhór ag mná, mar bhaill d'Arm Cathartha na hÉireann agus de Chumann na mBan, san Éirí Amach níor gabhadh ach 80 nó mar sin acu. Díbríodh 7 acu go príosún Aylesbury agus go Bath. San áireamh iontu bhí mórphearsana an Éirí Amach, Dr. Kathleen Lynn agus Winifred Carney de Bhantracht na Tuaithe, mar aon leis an gCuntaois Markievicz a daoradh chun báis de bharr na páirte a ghlac sí sa chogaíocht ag Faiche Stiabhna agus ag Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, ach rinneadh príosúnacht saoil den bhreith bháis sin.


BREATNAISEOIR EILE!

Seán Ó Mathúna

A eagarthóir dílis,

Táim buíoch díot as ucht an spreagadh a fuair mé ón eagrán deireanach don ATÓT, go mór mór leathanach 6 inar chuir Seán Ó Fearghail síos faoi chúrsa Bhreatnaise a rinne sé. Le fada an lá bhí an smaoinemh céanna agam. Níl aon dúshlán domsa freastal ar na maidineacha caife toisc go bhfuil an Ghaeilge chomh líofa agam anois (go mór mór tar éis 5 alt a scríobh faoi na Túdaraigh!). Tá sé in am agam aghaidh a thabhairt ar theanga eile.

Bhí mé ag smaoinemh ar dhá theanga a fhoghlaim le chéile, an Ghearmáinis agus an Ollainnis ach tá sé an-deacair leabhair ghramadaí a fháil san Ollainnis. Sa deireadh thiar thall roghnaigh mé dhá theanga Ceilteach, Gaeilge Mhanainn (GM) agus an Bhreatnais. Sa siopa leabhar idirnáisiúnta (Sráid Fhreidric Theas) cheannaigh mé leabhar iontach ar a dtugtar *Múin Breatnais iomlán duit féin* (MTFBI) – *Teach Yourself Complete Welsh*. Tá dhá dhlúthdhiosca ag dul leis agus mholfaínn d’aon duine é a cheannach má theastaíonn uaidh Breatnais a fhoghlaim. Níl ach 21 aonad sa chúrsa iomlán agus nuair a bheidh an leabhar críochnaithe agam beidh mé ag eagrú *Borau Coffi* (maidineacha caife) sa Bhreatnais. Le cead uait beidh mé, as seo amach, ag comhroinnt le léitheoirí ATÓT an méid a fhoghlaiméoidh as MTFBI ag tosú le haonad 1.



Aonad 1

Tá 29 litir san aibítir Bhreatnaise. Tá na litreacha a n-úsáidtear i mBéarla ann ach amháin K, Q, V, X agus Z. Tá 8 ndélitir (**diagraphs**) ann freisin – CH, DD, FF, NG, LL, PH, RH agus TH. Tá 7 nguta ann A, E, I, O, U, W agus Y. Cosúil leis an séimhiú agus an urú sa Ghaeilge bíonn athruithe tosaigh ar fhocail sa Bhreatnais freisin. Tá 9 n-athrú bog ann (AB), 6 athrú srónach (AS) agus 3 athrú anáilaithe (AA). Bíonn AB ar 9 litir – B, C, D, G, M, P, T, LL agus RH; AS ar B, C, D, G, P agus T agus AA ar C, P agus T. Ná bí buartha faoi seo – tagann sé le taithí. Molaim do dhaoine cuairt a thabhairt ar an suíomh “An Dúshlán Mór Breatnaise” (**The Big Welsh Challenge** <http://www.bbc.co.uk/wales/learnwelsh/bigwelshchallenge/>) ina léirítear na rialacha ar fad agus tá deis ann freisin comhrá a chleachtadh.


An tEagarthóir: Is annamh a thagann ríomhphost chugam faoi alt, is mór an trua! Tá súil agam go bhfuil Breatnaigh ann atá ag foghlaim na Gaeilge. Cén fáth go bhfuil staid na Breatnaise i bhfad níos láidre ná staid na Gaeilge? Ar mhaith le léitheoir éigin alt a scríobh faoin cheist seo? Ná déan dearmaid, tá *Teach Yourself Complete Irish* le fáil freisin!

FRONGOCH - INNIU

Seán Ó Fearghail



Níl rian den champa le feiceáil inniu. Tá scoil áitiúil *Ysgol Bro Tryweryn* san áit ina raibh an drioglan agus an campa tráth. In aice láimhe tá plaic chuimhneacháin agus inscribhinní i nGaeilge, i mBreatnais, agus i mBéarla air. Tá an stáisiún traenach dúnta le fada agus is teach cónaithe anois é. Níl mórán le feiceáil ach Oifig an Phoist, caifé, siopa, tithe, páirceanna agus an scoil.



SAOIRE AR AN gCÓSTA FIÁIN - II

Seán Ó Cadhain

Chuaigh muid go *Barcelona* ar an mbus an lá dár gcionn, lá breá gréine. Stop muid i dtosach ag *Páirc Guell*, páirc a ndearna Antoni Gaudí, ailtire cáiliúil de chuid na Spáinne, dearadh uirthi. Páirc álainn aerach, a osclaíodh ar dtús i 1926, a bhfuil an-tóir ag muintir *Barcelona* is ag cuairteoirí chun na cathrach araon uirthi. D'ainmnigh *UNESCO* í mar áit Dhaonnachta Oidhreachta Cultúrtha i 1984. *Montjuic* an chéad stop eile a bhí againn, an áit ar tionóladh na Cluichí Oilimpeacha i 1992. Tá sé thuas ar chnoc is léargas



breá uaidh, ní amháin ar an gcathair,

ach freisin ar an gcalafort a bhí thíos fúinn, áit a raibh trí bhád pléisiúir tarraingthe suas le caladh ann.



Thug muid ár n-aghaidh ansin ar eaglais an Teaghlaigh Naofa (*Sagrada Família*). Séipéal é seo a dhear Gaudí freisin. Tosaíodh á thógáil in 1882. Tá siad ag obair uirthi i gcónaí, ach tá súil acu í a chríochnú faoi 2026. Easpa airgid agus costas ollmhór, chomh maith le pleananna uaillmhianacha (**ambitious**) Gaudí don séipéal is cúis leis an moill. Bhí scuaine fhada ag fanacht le dul isteach, ach ní raibh an t-am againne. Ina áit sin, chuaigh muid ag spaisteoireacht síos *Las Ramblas*, príomhshráid siúlóide *Barcelona*. Bhí sé róphlódaithe le daoine agus bheartaigh muid cupán caife a ól agus scíth a ligean.



Lá arna mhárach, chuaigh muid go *Montserrat* (sliabh déadach). Tá an sliabh seo 4,055 troithe ar airde. Ar a bharr, tá mainistir, an áit is mó cráifeachta (**devotion**) sa Chatalóin, ar leis na manaigh Bheinidicteacha í, í timpeallaithe ag séipéil agus pluaiséanna díthreabhacha. Cé gur scrios na Francaigh an mhainistir in 1811, d'athógadh arís í in 1844 agus bhí ina inspioráid ag an gcultúr Catalónach i rith réimeas Franco. Áit álainn, a bhfuil radharc iontach uaithe. Chuaigh an bus beagnach go dtí a barr, ach téann traein bheag an chuid eile den bhealach go mullach na haille – aistir an-ghéar. Bhí ár gcroí inár mbéal againn ar an mbealach suas.

Tar éis lóin san áit rite seo, chuaigh muid ar aghaidh go fíonghort (**vineyard**) agus fíonlann (**winery**) ina dtáirgtear fíon agus seaimpéin. *Codorníu* an t-ainm atá ar an bhfíonlann agus í lonnaithe i gceantar fíonghoirt *Sant Sadurní d'Anoia*. Taispeánadh dúinn an saothar déantúsaíochta (**manufacturing**). Tugadh ar thuras roinnt ciliméadair de shiléir ansin muid, áit a bhfuil na mílte buidéal is bairille fíona agus seaimpéin stóráilte, a bhí go domhain i dtalamh. Tá fíon á tháirgeadh anseo ón 16ú haois i leith. Bhlais muid ansin de chúpla cineál fíona agus, ar ndóigh, bhí rogha againn an déantús ab fhearr linn a cheannach.

TOMÁS AGUS ÉIRE

Nodlaig Ó Scurlóig



Éire: A Thomáis, cad a cheapann tú faoin tír anois tar éis céad bliain?

Tomás: Tá sí ar fheabhas anois i gcomparáid lena stádas i 1916 agus roimhe sin. Ag an am sin bhí an bochtaineacht forleathan i measc na nGael. Bhí na gadaithe as Sasana an-saibhir agus na heaspaig chomh maith. Níl iontas gur cháin an lucht sin an tÉirí Amach.

É: Cad iad na rudaí nach dtaitníonn leat sa tír anois?



T: Tá a lán le déanamh fós; níl an t-oideachas i gceart, níl an daonlathas ag feidhmiú mar ba chóir agus níl an bród ceart ar ais sna daoine.

É: Nach bhfuil na hÉireannaigh ag dul i dtreo na Meiriceánach anois ina gcaint agus ina nósanna?

T: Tá; agus sin an rud coitianta; ag ré na Róimhe bhí daoine ag aithris ar gach rud ón Róimh. Ach de réir na fealsúnachta tá dhá rud lárnach an t-am go léir, is siad sin an duine agus a chomhlúadar: má dhéanann duine neamhaird ar cheann acu déanann sé dochar dó féin agus ar deireadh tugann sé sin faoi deara?

É: Cad atá in easnamh dar leat?

T: Ar an gcéad dul síos an Ghaeilge; ní bheidh an bród ceart ar ais go dtí go mbeidh sí mar phríomhteanga.

É: An gcheapann tú go bhfuil sin indéanta i ndomhain sáite leis an mBéarla?

T: Ceapaim, mar tá an Béarla ag imeacht go tapa agus teanga nua Meiriceánach ag teacht ina áit; chomh luath agus a thuigeann na hÉireannaigh agus fiú na hiar-Briotanaigh sin b'fhéidir go mbeadh tábhacht na Gaeilge níos soiléire dóibh.

É: Cén chaoi is féidir feabhas a chur ar an oideachas?

T: Béim láidir a chur ar an bhfealsúnacht; deis a thabhairt do gach duine smaoineamh as a stuaim féin agus ceisteanna a chur ar gach údarás.

É: Dar leat, cá bhfuil an fhírinne le fáil?

T: Tá foinsí éagsúla ann, an Bíobla, an Córan, an loighic, an saol, an fhilíocht, an eolaíocht, an oidhreacht agus an nádúr.

É: Cé hé an duine is tábhachtaí don tír dar leat?

T: Níl amhras orm ach gurbh é sin Naomh Pádraig mar d'aithin sé saibhreas na tíre agus thug sé breis eolais ar an saol agus ar an slí is fearr chun é a fhorbairt. Tar éis na hoibre a rinne sé tháinig Ré Órga na hÉireann, stair iontach a ndéantar neamhaird uirthi de bharr easpa féinmhuiníne.

É: Cad atá i ndán dúinn, an gceapfá?

T: Beidh troid mhór ag teacht leis an teicneolaíocht mar tá na comhlachtaí móra ag baint úsáide as sin chun smacht a chur ar an bpobal agus an sclábhaíocht á tabhairt ar ais.


É: Gach rath ort a Thomáis agus ar an tír.



CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-21

TRASNA

SÍOS



1	wedding (6)	2	academy (7)
5	filial (6)	3	adage (4)
10	justice (7)	4	satisfying (6)
11	rhetoric (7)	5	disobedience (6)
12	nest (4)	6	put (4)
13	doe (5)	7	pantry (7)
15	slow (4)	8	tap (6)
17	centre (3)	9	scalded (6)
19	doubt (6)	14	filly (7)
22	same (6)	16	bacon (5)
24	hare (7)	18	grief (5)
25	dragoon (7)	20	big (3)
27	hash (6)	21	that (3)
30	praise (3)	22	basket (3)
32	killing (4)	23	new (3)
33	urge (5)	25	dance (6)
34	flash (4)	26	airline (7)
37	exhausted (7)	28	youth (7)
38	biotype (7)	29	roll (5)
39	law (3)	30	ridicule (6)
40	freeze (6)	31	bracket (6)
41	news (6)	35	in her (4)
		36	arch (4)



CUARDACH FOCAL 21

an chorp 2 / the body 2

D	T	S	O	R	O	S	U	B	I	L	L	I	N	N
O	N	Á	H	M	A	L	A	M	G	Á	E	G	S	
N	Á	M	H	Ú	I	L	T	R	É	L	H	M	Ó	Á
R	L	E	É	R	I	A	C	S	A	E	R	I	H	É
O	T	A	L	A	O	T	A	B	O	B	S	Ú	M	R
D	Ó	R	C	N	R	S	I	N	Ú	R	I	S	Á	I
O	G	S	N	Í	G	U	T	Í	T	M	A	T	L	E
I	A	E	T	S	Á	R	S	D	É	L	N	Í	T	M
R	É	I	G	T	A	L	O	I	H	N	Á	L	Ú	I
N	G	B	R	Ó	E	N	R	Ú	I	U	N	G	Í	U
I	E	B	N	R	D	E	I	L	G	N	O	L	M	H
D	U	R	O	B	A	R	L	G	N	O	I	D	Ú	L
I	N	É	A	S	L	I	O	N	G	A	N	L	N	A
U	L	A	N	L	U	I	L	I	N	N	Í	D	L	M
L	A	N	L	O	N	G	O	D	R	O	S	T	Á	U

	alt (knuckle)		lámh (hand)
	ascaill (axilla)		lúidín (little finger)
	bos (palm)		méar (finger)
	dorn (fist)		ordóg (thumb)
	ga (radius)		rí (forearm)
	géag (arm)		rosta (wrist)
	húiméireas (humerus)		uillinn (elbow)
	ionga (nail)		ulna (ulna)

Gach “Lá Bloom” téann na taibhsí, James Joyce agus Nora Barnacle, ag iomramh ar an Life... thar áiteanna a scríobh Joyce fúthu fadó... Séipéal Isóide, Páirc an Fhionn-Uisce, na Céanna, Óstán Urmhumhan. Tréigeann na taibhsí an bád ag Teach an Chustaim is tógann tram go Binn Éadair, áit a ndéantar suirí.



Ag Iomramh ar an Life

Ag iomramh ar an Life dom le Nóirín, mo Bháb,
Sé dúirt sí liom, ‘a stór mo chroí, cén caoi ‘na bhfuil ár ngrá?
Tá na crainn ag sileadh duilleogaí ‘s an ghrian a’ dul faoi scáth
‘S ní fada bhéas muid le chéile ‘s an tuile gheal ag trágh.

‘I nGaillimh thall do gheallais dom go dtabharfá domsa grá
Is thug mé béal is cléibhín duit mar fhéiríní de ghnáth.
Do thréig mé clann is comrádaithe ‘s shéan mé an sonas sámh
Is do bhótharín lom do thugas fúm le huaigneas is crádh.’

Ar shroisint Séipéal Isóide dúinn ba mhiste liom a rádh:
“A chailín donn, ná meath do cheann le dualgaisí gan fáth.
Tá ‘n dúlra breá inár timpeall, cnó capaill ar chasáin
Agus d’éalaigh Isóilt le Tristán Óg in Éirinn iathghlas tráth.

‘I bPáirc an Fhionn-Uisce tá seanchrainn faoi bhláth
Is, thart ar Chéanna Uiséir, ceol cloigín Éabh’ is Ádhaimh;
I bhfuinneoga Ostán Urmhumhan na taibhsí geala mná
Á rádh gurb iad na Síreanaí a mheallas an leannán.’

Agus thíos ag Teach a’ Chustaim do phógas mo Bháb
Is d’fhágamar ár mbád le sruth gan teorú gan a rámh,
An seana tram do thógamar Binn Éadair chun a bharr
‘S thairg mé ceiliúr cleamhnais di le fáinne den mbuí ór

‘A Nóra Bhárnacoill, a chroí, ní scarfar sinn go bráth
‘S an cnocáinín ‘na luíomar, beidh cáil uirthi ‘gus ráth
Mar chualas féin na coilligí i bhfad uainn a rádh
Ó thonn go tonn, Trieste anonn: ‘sea a Shéamuisín, ó sea...!

Seán Ó Meara (fonn mall: “Seán Ó Dī”/ “Hills of Donegal”)



RANN GAEILGE

Ní fheadar an mbíonn páistí ar bith i mBaile Átha Cliath fós ag téadléimneach ([skipping](#)) mar a bhídís fadó? B’fhéidir go bhfuil na sráideanna róbhaolach anois agus an t-árachas dos na clóis scoile róchostasach, Ach má bhíonn cluichí den saghas sin ar siúl fós i bpáirc nó i gcúl-gháirdín éigin ceapaim gur trua gan ranna Gaeilge a bheith le cantain ag na páistí. Ar aon chuma, bíodh na ranna seo a leanas acu!

Seachain, a dhuine!
Tá do bhróg trí thine!
Léim suas san aer
Is do cheann 'sa spéir
Buail síos do chos
Ar an gclós gan sos
Tá an tine múchta
Is do chroí ag bualadh -
Féach an chathair mhór más féidir
Ó Dhún Laoire go Binn Éadair
Féach na leanaí thall 's i abhus
Téir abhaile ar an mbus
Deáéado cheacht is nigh do léine
Tar amach arís ag léimneach -
Deireadh babhta, gabh amach,
Tiocfídh [Máire Rua] isteach!

Derick Móicléir

